Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

Seosamh Ó hÉanaí agus Cearbhall Ó Dálaigh: cleasa an chrosáin san Oileán Úr

Title	Seosamh Ó hÉanaí agus Cearbhall Ó Dálaigh: cleasa an chrosáin san Oileán Úr
Author(s)	Ó Laoire, Lillis;Blankenhorn, Virginia S.;Williams, Sean
Publication Date	2011
Publisher	New Hibernia Review, University of St. Thomas

Full text version: https://www.jstor.org/stable/23068251

New Hibernia Review Vol. 15, No. 2 (SAMHRADH / SUMMER 2011), pp. 80-101

Lillis Ó Laoire, Sean Williams agus Virginia S. Blankenhorn

Seosamh Ó hÉanaí agus Cearbhall Ó Dálaigh: Cleasa an Chrosáin san Oileán Úr.[1]

Bhí Seosamh Ó hÉanaí (1919-1984) ar an amhránaí sean-nóis ba mhó le rá san fhichiú haois. Rugadh é ar an Aird Thoir, nó Aird a' Chaisleáin, i bparóiste Charna. Bhí ainm na háite seo in airde mar cheantar a raibh saibhreas ar leith de chultúr béil na Gaeilge ar marthain ann.[2] Le linn do Sheosamh a bheith ag éirí aníos, tháinig sé féin agus a mhuintir go láidir faoi thionchar fhealsúnacht an náisiúnachais chultúrtha mar a chuir Conradh na Gaeilge ar aghaidh é. Bhí a dheartháir Seán ag bailiú ábhair béaloidis óna n-athair Pádhraic Ó hÉighnigh, go luath sna tríochaidí agus is cuid de Chnuasach Béaloidis Éireann é an lámhscríbhinn sin.[3] Bhuaigh Seosamh duaiseanna as a chuid scéalaíochta agus foilsíodh a ainm i measc duaiseoirí eile ar an pháipéar radaiceach *An t-Éireannach.*[4] Dá barr sin ní haon aibhéil a rá go raibh tionchar láidir ag an chreideamh in Athbheochan na Gaeilge ar Sheosamh Ó hÉanaí. Rinne an ghluaiseacht náisiúnta siombail dá phobal, muintir na Gaeltachta, den rud a b'fhíre agus a b'fhearr agus ba bharántúla a bhí ar fáil in Éirinn. Próiseas fada a bhí anseo a chuaigh siar go dtí tús an naoú haois déag ar a laghad.[5]

Dar le Maurice Goldring go ndearna go leor dóigh den siombalachas seo faoi thionchar Yeats, Dhónaill Uí Chorcora agus daoine nach iad gur ghlac siad leis mar chuid den réaltacht. Fís í seo a thaitin le lucht léinn agus litríochta, intleachtóirí ar fhóir sé dá leagan amach pearsanta féin, béim a chur ar an saibhreas de chultúr béil a mhair i measc mhuintir na Gaeltachta. Go minic, rinneadh a bheag den bhochtaineacht agus den

[1] Tá na húdair buíoch den CTDES (IRCHSS) a thacaigh leis an tionscnamh taighde *Bright Star of the West: Joe Heaney: Irish Song Man,* ar réitíodh an foilseachán seo faoina choimirce.
[2] Rionach Uí Ógáin, *Is Mise an Fear Ceoil: Séamas Ennis, Dialann Bóthair.* Cló Iar-Chonnachta 1976.
[3] Ríonach Ní Fhlathartaigh. *Clár Amhrán Bhaile na hInse.* (An Clóchomhar Baile Átha Cliath 1976).
[4] Liam Mac Con Iomaire, *Seosamh Ó hÉanaí: Nár Fhágha mé Bás Choíche,* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2007, 65/6). Féach fosta Éamon Ó Ciosáin *An t-Éireannach 1934-1937.* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1993).
[5] Joep Leerssen, *Remembrance and Imagination: Patterns in the Historical and Literary Imagination in th Nineteenth Century.* (Cork: Cork University Press, 157-223).

chruatan a bhain le saol na Gaeltachta nuair a cuireadh béim ar a saibhreas cultúrtha.[6] Cé go raibh gealladh mór faoin fhís nua seo ag casadh na haoise agus go dtí gur bunaíodh an Saorstát, chuidigh an Cogadh Cathardha agus an t-ualach a leagadh ar an gcóras oideachais amháin, chomh maith le droch-aeráid eacnamaíochta leis an bhláth a bhaint de faoin am a raibh Ó hÉanaí ag teacht i méadaíocht. D'aor Myles na Gopaleen (Brian Ó Nualláin) dearcadh an Ghaelachais go géar agus go greannmhar sa *Bhéal Bocht* (1941), leabhar a rinne eala mhagaidh den chineál dearcaidh a bhí coitianta i measc lucht athbheochan na Gaeilge ar an bhéaloideas agus ar an Ghaeltacht, agus chuir leabhar Mháirtín Uí Chadhain, *Cré na Cille* tuilleadh breosla ar an tine áirithe sin. D'ainneoin go raibh seanbhlas ar aisling Chonradh na Gaeilge faoi lár na dtríochaidí ar a laghad, mhúnlaigh an dearcadh seo leagan amach Sheosaimh Uí Éanaí féin. Chuidigh athbhunú an Oireachtais i 1939 le dóchas nua a thabhairt go bhféadfaí fós an aisling sin a fhíorú. B'ionann é agus anáil a shéideadh isteach sa bhrionglóid ag bréagnú na tuairime go raibh an Ghaeltacht i mbéal an bháis agus dá mhéid gaisce a bhain leis na daoine ansin, go raibh deireadh go deo leis an gcultúr álainn a bhí acu.[7] Chomh maith le comórtais liteartha, bhí comórtais ardáin san fhéile a thug deis do na healaíona dúchais teacht i láthair. Bhí Ó hÉanaí ar dhuine de na laochra móra ag na chéad Oireachtais agus is ann a fuair sé aitheantas mar oirfide i dtús ama. Dar ndóigh, d'fhág Ó hÉanaí an córas oideachais gan a chuid dintiúirí a chríochnú ar chúiseanna nach bhfuil iomlán soiléir, rud a chuir cor ina chinniúint.[8] Dá bhrí sin, ó tharla bóthar an oideachais a bheith dúnta air, agus gan mórán deiseanna eile ar fáil dó dá dhíobháil sin, bhí tionchar aige sin ar an chinneadh a rinne sé leanúint lena chuid ceoil go gairmiúil. Faoi dheireadh, ba é an t-aitheantas mar ealaíontóir agus mar ealaíontóir gairmiúil le Gaeilge ba thábhachtaí le Sheosamh Ó hÉanaí. Sa pháipéar seo, scrúdófar cuid de na seifteanna a bhí ag Ó hÉanaí leis an aitheantas sin a chothú agus míneofar mar a chuir Ó hÉanaí é féin in oiriúint do

---

[6] Maurice Goldring, *Faith of Our Fathers: A Study of Irish Nationalism* . (Dublin: Pepsol 1987, 40-69). Féach fosta Diarmaid Ó Giolláin, 'Folklore and Poverty in *Locating Irish Folklore: Tradition, Modernity, Identity.*(Corcaigh: Cló OllscoileChorcaí 2000), 142-164.

[7] Philip O'Leary. *Irish Interior: Keeping Faith With the Past in Gaelic Prose 1940-1951*. Féach caibidil 9 'It's not about the Gaeltacht, It is about the People', 393. (Baile Átha Cliath: Preas Ollscoile Bhaile Átha Cliath, 2010).

[8] Liam Mac Con Iomaire, *Nár Fhágha Mé Bás Choíche: Seosamh Ó hÉanaí,* 'Scolaíocht, 57-81, féach go háirithe 75-81.(Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta 2007).

phobail nár thuig an idé-eolaíocht sin maidir leis an Ghaeilge a mhúnlaigh agus a threoraigh a fhís mar ealaíontóir agus mar dhuine.

Seans maith go measfar gur coimhthíoch é teideal an pháipéir seo. Is leis an fhcihiú haois a bhain Seosamh Ó hÉanai an fhichiú haois ach is leis an tseanaimsir a bhain Cearbhall Ó Dálaigh, de réir na gcuntas, am ar bith ón tríú go dtí an seachtú haois déag. Bhí níos mó ná duine amháin ann a raibh an t-ainm sin air agus luaitear Oirialla, Loch Garman agus Corca Mrua i gCo. An Chláir le Cearbhaill éagsúla. Mar a bheifí ag súil leis, i gcás ainm a bhfuil an oiread sin sinsearachta aige i dtraidisiún liteartha na hÉireann, b'fhéidir, tá a dhíol féin de scéalaíocht agus d'fhilíocht ag baint leis an ainm sa Bhéaloideas chomh maith. Is deacair a dhéanamh amach cé acu de na pearsana stairiúla a raibh Cearbhall Ó Dálaigh mar ainm orthu is mó a bhí i gceist leis an charachtar atá le fáil sa bhéaloideas, agus is é fírinne an scéil gur cosúil gur cineál maighnéid a bhí san ainm a tharraing chuige féin finscéalta agus eachtraí áibhéileacha go leor nach raibh aon bhunús stairiúil leo, ach ar féidir a bhfréamhacha a fheiceáil ag dul i bhfad siar i dtraidisiúin liteartha na hÉireann agus go deimhin na hEorpa.[9] Mar atá ráite ag Jim Doan i dtaobh thraidisiún fileata Chearbhaill Uí Dhálaigh:

> ...the oral and written evidence indicates that there were several poets named Cearbhall Ó Dálaigh who contributed to the development of the legend. First of all, there were several thirteenth- to fifteenth-century poets of the name, including the *ollamh* of Corcomroe who died in 1404, whom we know from the annals and genealogies. Then there was a late fifteenth- to early sixteenth-century Cavan poet, of whom three poems survive....Next there were probably two Wexford poets of the name who flourished in the seventeenth century, most likely a father and son, one of whom may have courted Eleanor Kavanagh. Several poems in *dán díreach* and *óglachas* survive which are attributed to these poets, of which some are probably genuine. However, the folksong, 'Eibhlín, a rúin' and other *amhráin* attributed to the Wexford poets were probably not composed by them. Finally, we have a late seventeenth-century Northern poet who seemingly did compose in *amhrán* metre including the two *aislingí*

[9] Alan Harrison, *An Chrosántacht* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1979), 86.

> discussed here....Thus one cannot speak of a single Cearbhall Ó Dálaigh in modern Irish folk and literary tradition, but rather a composite *persona* made up of elements from all these poets, with the addition of material from other mythical and legendary figures as well.[10]

Is díol suime de réir Doan, go bhfuil Lugh, Diarmaid Ó Duibhne agus Fionn Mac Cumhaill féin ar na pearsana ar luadh a dtréithe le pearsa Chearbhaill sa traidisiún, rud a bhfuil tábhacht leis maidir le scéal Sheosaimh Uí Éanaí, mar a mhíneofar ar ball.

Maidir leis na crosáin, ceird a bhí i gceird an chrosáin a chleachtaí i mbruíona na dtaoiseach agus ba cheird í a chuaigh i léig nuair a d'imigh an phátrúnacht a bhí ann don aicme ghairmiúil, 'an t-aos dána,' mar a thugtaí orthu. A fhad agus a bhí pátrúnacht ann a thacódh leo, mhair na healaíona gairmiúla sa Ghaeilge ach nuair a chuaigh an phátrúnacht sin i léig, d'imigh na hoirfidigh oilte chomh maith. 'Duan agus Oirfideadh,' nó siamsaíocht a bhíodh ar bun ag an chrosán de réir cosúlachta, i measc cúraimí eile. Ba mhinic a bhíodh eilimintí an cheoil agus uaireanta an ghrinn fite fuaite ina chéile sa tsiamsaíocht seo agus feidhm dheasghnáthach ina horlaí tríthe. Is cosúil go mbíodh nasc idir na gnásanna seo agus na cluichí caointe a bhíodh ann tar éis sochraidí. [11]

Mar sin, nuair a luaitear cleasa an chrosáin san Oileán Úr, tá seans ann go gcuirfidh sé sin mearbhall agus seachrán ar dhaoine. Is cuid dár gcuspóir an mearbhall sin a spreagadh ionas go ndéanfar machnamh ar shaol agus ar shaothar Sheosaimh Uí Éanaí, mar ealaíontóir agus mar dhuine a bhain leas go gairmiúil as ealaíona béil na Gaeilge i gcomhthéacs idirnáisiúnta, an chéad duine a rinne iarracht air sin a dhéanamh ó d'imigh an seanchóras Gaelach i léig. Chuir seisean na healaíona traidisiúnta, go háirithe an amhránaíocht, agus an scéalaíocht go pointe, ar ardán agus bhain sé cáil dhomhanda amach dó féin dá bharr sin. Ar an ábhar sin, is féidir ceangal díreach a fheiceáil idir é féin agus carachtar Chearbhaill Uí Dhálaigh, pearsa thábhachtach sa traidisiún liteartha a théann siar go dtí tréimhse fhilíocht na mbard. Dar ndóigh, tháinig mórán filí d'iaróibh na nDálach in Éirinn agus, go deimhin, in Albain ar feadh na gcianta, rud nach laghdaíonn a ghradam ar bhealach ar bith. Lena chois sin, sa bhéaloideas, sheas pearsa Chearbhaill don oirfide arcaitípeach *par excellence.* Go deimhin, d'fhéadfaí a mhaíomh ar bhealach gur

---

[10] James E. Doan, 'The Poetic Tradition of Cearbhall Ó Dálaigh' (*Éigse XVIII*, 1980-81, 1-24)

[11] Harrison, 1979, 57-60. Féach chomh maith Pádraig A. Breathnach. *Téamaí Taighde Nua-Ghaeilge.* 1997. Maigh Nuad: An Sagart, 127-129.

shiombail í pearsa Chearbhaill ar an traidisún liteartha agus béil ina iomláine. Má bhí ceangal idir Cearbhall agus an chrosántacht, idir é agus duan agus oirfideadh na gcrosán, bhí an ceangal céanna sin ag Seosamh Ó hÉanaí de bharr a cheirde agus an dúchais a thug sé as broinn leis.

Bhí ceangal eile ann idir Ó hÉanaí agus Ó Dálaigh. Nascadh an ceangal sin as míreanna a bhí i stór amhrán Uí Éanaí, míreanna ar bhain sé úsáid astu go minic agus é ag cleachtadh a cheirde, bíodh sin sa stiúideo taifeadta, ar an ardán nó sa seomra ranga. Ba iad na hamhráin a bhí i gceist, an píosa crosántachta ar a dtugtar 'Seachrán Chearbhaill', agus 'A Eileanóir, na Rún', a leagan sainiúil féin den amhrán 'A Eibhlín, a Rún', atá imithe i mbéal an phobail go mór ó thaifead sé é ar cheirnín Gael Linn sa bhliain 1971, agus ar féidir a rá faoi anois gurb é an leagan caighdeánach é i nGaeltacht Chonamara.[12] Bhí amhrán eile ag Ó hÉanaí a bhain do Chearbhall Ó Dálaigh chomh maith agus ba é sin 'Eileen a Roon,' aistriúchán ar amhrán Uí Dhálaigh a rinne an scríbhneoir Gerald Griffin. Sna trí phíosa ghaolmhara seo, is féidir léargas airithe ar chleachtas gairmiúil Uí Éanaí a rianú agus tá sé i gceist againn sa pháipéar seo scrúdú a dhéanamh orthu chun cuntas a thabhairt ar an chleachtas sin, ar 'chleasa an chrosáin' mar a chleacht Ó hÉanaí iad go háirithe sna Stáit Aontaithe, i bhfocail eile.

Mar atá léirithe ag Doan, tá fianaise go leor ar Chearbhall Ó Dálaigh i dtraidisiún léannta agus i mbéaloideas na Gaeilge.[13] I gConnachta, is minic gurb é Cearbhallán an t-ainm a thugtar air, rud a léiríonn gur ionannaíodh é le Toirdhealbhach Ó Cearbhalláin, cuir i gcás, a fuair bás in 1738, agus le daoine eile a raibh ainmneacha orthu a bhí cosúil lena ainm féin.[14] Níor cheart go gcuirfeadh an t-ionannú sin aon iontas orainn óir is cuid é den chruthaitheacht a bhaineann le sruth beo an bhéaloidis, sruth ina bhféadfaí pearsana stairiúla a tháthú le chéile ina gcumasc gan deacracht dá laghad, mar go raibh tréithe

---

[12] Seosamh Ó hÉanaí *Ó Mo Dhúchas*, CEF028. (Baile Átha Cliath: Gael Linn 1971). Atheisithe mar *Ó Mo Dhúchas Sraith 1 & Sraith 2* (Dlúthdhiosca Dúbailte), CEFCD 191-1. (Baile Átha Cliath, Gael Linn 2007) Traic a 7.

[13] I dteannta Doan 1980, 1-24, atá luaite i nóta 3 thuas, gheofar mionphlé an-chuimsitheach ar charachtar Chearbhaill in James E. Doan, 'Cearbhall Ó Dálaigh as Craftsman and Trickster, *Béaloideas* 50 (1982) 54-89; 'The Folksong Tradition of Cearbhall Ó Dálaigh, *Folklore* 96:1 (1985), 67-86; 'Cearbhall Ó Dálaigh as Lover and Tragic Hero' *Béaloideas* 51 (1983) 11-30; 'Cearbhall Ó Dálaigh as Archetypal Poet in Irish Folk Tradition' *Proceedings of the Harvard Celtic Colloquium* 1 (1981), 95-123. Féach fosta James Doan. Cearbhall Ó Dálaigh: An Irish Poet in Romance and Oral Tradition (New York: Garland 1990).

[14] Féach an t-amhrán 'Cathaoir Mac Cába,' *Amhráin Chlainne Gael*, (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta 1990), 97 agus 184-5 áit a luaitear an dá ainm Cearbhall agus Cearbhallán.

comchosúla acu a bhain le híocóin chultúrtha go ginearálta.[15] Is cinnte go bhfacthas go raibh tréíthe i gcoitinne ag an dá phearsa seo, beag beann ar an stairiúlacht a bhain leo. Dála Chearbhaill, tagann Cearbhallán i láthair sa Bhéaloideas mar leorthóir agus mar chleasaí.[16] Ina dhiaidh sin, is tábhachtach an mhaise dúinn a thabhairt faoi deara nach raibh Ó hÉanaí taobh le Cearbhallán mar ainm ar an charachtar seo a mbíodh sé ag amhrán agus ag seanchas faoi. D'úsáid Ó hÉanaí an leagan Cearbhall chomh maith leis an leagan Cearbhallán a bhí aige ón bhaile. Go deimhin is é an leagan Cearbhall seachas Cearbhallán atá aige ar an cheirnín a rinne sé le Gael Linn sna seachtóidí.[17] Beag is mar atá an t-athrú sin, níl sé gan bhrí maidir leis an dearcadh chultúrtha. D'ainneoin go ndeireadh na béaloideasóirí gairmiúla scolártha nár cheart rudaí a athrú, ach gur cheart iad a chur síos focal ar fhocal mar a tháinig siad as béal an chainteora, bhí cur amach ag Ó hÉanaí ar an bharúil léannta gur truailliú a bhí sa mheascán seo den dá ainm i mbéaloideas Chonnacht. Gníomh a bhí san athrú, mar sin, a léirigh a thuiscint féin i leith a dhúchais agus a thaispeáin fosta an tionchar a bhí ag an aeráid léannta ar Ó hÉanaí. Ní úsáidtear ach Cearbhall mar ainm ar an gceirnín agus, tá sé le tabhairt faoi deara go mbaineadh Ó hÉanaí leas as Cearbhall i dtús a chuid cainte agus é ag láithriú an tSeachráin, ach ina dhiaidh sin, agus é ag insint an scéil, gur Cearbhallán amháin a deireadh sé. Mar an gcéanna le Máirtín Ó Cadhain, 'Cearbhall'a d'úsáid seisean mar ainm agus é ag cur síos ar an phíosa seo.[18] Mar a deir Máire Áine Ní Dhonnchadha faoi ócáid ag an Oireachtas ar láithrigh Ó hÉanai agus an scéalaí ainmniúil Cóilín Ó Cualáin Seachrán Chearbhaill eatarthu:'Seachrán Chearbhalláin' a bhíodar a thabhairt air, ag meascadh an chruitire Ó Cearbhalláin leis an bhfile Cearbhall Ó Dálaigh.'[19] Tá an chuma air mar sin go raibh tuiscint ann ag lucht an Oireachtais nárbh ionann an dá phearsa ainneoin gur mar sin a bhí siad i mbéaloideas na Gaeltachta i gConnachta. Dá bhrí sin, tá seans maith ann gur phléigh Seosamh na ceisteanna seo le daoine éagsúla, scoláirí ina measc, agus gur chuir sé ar thuig sé ó na comhráite seo i bhfeidhm ar an eolas a bhí aige cheana féin. Mar phointe eile, d'ardaigh an t-athrú an stádas a bhain leis an phíosa, mar

[15] Daithí Ó hÓgáin. *The Hero in Irish Folk Tradition.* (Dublin: Gill and Macmillan, 1985).
[16]Tomás Ó Máille *Amhráin Chearbhalláin: The Poems of Carolan, together with other North Connacht and South Ulster Texts*. (London: The Irish Texts Society, 1916). Donal O'Sullivan, *Carolan: The Life and Times of an Irish Harper.* (London: Routledge and Kegan Paul, 1958).
[17] *Ó Mo Dhúchas Sraith 1& 2,* 2007, Traic 7.
[18] Mac Con Iomaire, *Nár Fhágha Mé Bás Choíche,* 158/9.
[19] Mac Con Iomaire, *Nár Fhágha Mé Bás Choíche,* 149.

gurbh fhile gairmiúil de chlann oirirc a bhí i gCearbhall Ó Dálaigh go stairiúil, is é sin, an Cearbhall a bhain leis an seachtú haois déag. Ní raibh an meas céanna sin riamh ar Thoirdhealbhach Ó Cearbhalláin, dá fheabhas a bhí sé, agus níl go dtí an lá inniu.[20]

Sa bhéaloideas, mar atá ráite cheana, nochtann Ó Dálaigh mar ardfhile, mar chleasaí, mar cheardaí, mar laoch agus mar leannán ban agus is iomaí scéal béaloidis atá ann ó cheann ceann na tíre faoina chuid eachtraí. Dar ndóigh, ar an ábhar gurb iad na hamhráin ghrá ba láidre a mhair sa traidisiún béil, buanaíodh íomhá an leannáin thar ghnéithe eile b'fhéidir. Mar sin féin, d'ainneoin nach féidir deimhin a dhéanamh de cén Cearbhall a mhair i mbéaloideas na ndaoine tá tábhacht leis an fhianaise stairiúil ar na Cearbhaill éagsúla a mhair. Tá dánta grá ón seachtú haois déag ann a leagtar ar Chearbhall Ó Dálaigh éigin agus dánta ag Pádraigín Haicéad a labhraíonn go díreach leis, rud a dhearbhaíonn an ceangal idir an éigse agus Cearbhall i dtréimhse nach raibh chomh fada sin ar fad ó thréimhse Uí Éanaí.[21] Méadaíonn an chinnteacht sin, chomh maith leis na scéalta agus na hamhráin a mhaireann sa traidisiún béil faoi, a thábhacht mar shiombail den tSean-Éirinn Ghaelach agus cuireann insint ar an stair sin chun tosaigh a áitíonn go raibh an dé inti i gcónaí d'ainneoin neamart agus scrios na mblianta. Ó tharla gur tháinig Seosamh Ó hÉanaí i láthair ina chuid coirmeacha ceoil mar ionadaí barántúil ar an Éirinn shamhailteach sin, is féidir a mhaíomh gur chuir a cheangal le carachtar Chearbhaill go mór lena údarás agus lena inchreidteacht. Nuair a chanadh Seosamh Ó hÉanaí píosaí a leagadh ar Chearbhall Ó Dálaigh, bhí sé á shuíomh féin sa ghinealach liteartha a raibh sinsearacht aige ag dul siar go dtí an seachtú haois déag, agus roimhe sin go deimhin, siar chomh fada le Cearbhall Chorca Mrua, ollamh a bhásaigh sa bhliain 1404 de réir na nAnnála.[22] Ar an chuma sin, dhearbhaigh sé a dhliteanas féin ar dhúchas Gaelach a tháinig anuas gan bhearnú ón aimsir sular cuireadh an Ghaeilge agus a cultúr faoi chois. Ba ráiteas tábhachtach é ar a thábhacht féin mar oidhre agus mar oidhre *gníomhach* ar an traidisiún a raibh ar a chumas é a chur i láthair i gceart ina steillbheatha.

---

[20] Féach Lesa Ní Mhunghaile, 'Carolan's Verse', Liam P. Ó Murchú (Eag.) *Amhráin Chearbhalláin/ The Poems of Carolan: Reassessments.* (London: Irish Texts Society, 2007, 54).
[21] Micheál S. MacCraith. *Lorg na hIasachta ar na Dánta Grá*. (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar 1989, 62-115). Máire Ní Cheallacháin eag. *Filíocht Phádraigín Haicéad.* Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1962, 6-8).
[22] T.F.O'Rahilly, *Irish Poets, Historians and Judges in English Documents 1538-1615*. (Dublin: Proceedings of the Royal Irish Academy, XXXVI, Section C, 6, 1922), 100n.3

Ba smaointeoireacht í seo a d'eascair cuid mhaith as an tuiscint gurbh ionann mórán de chultúr béil na hÉireann agus cultúr na n-uaisle a shil anuas chuig an chosmhuintir agus a mhair ina measc sin i bhfad i ndiaidh don ardaicme dul i léig. *Gesunkenes Kulturgut* a thugtar air seo sa Ghearmáinis 'an t-ardchultúr a thit ar lár,' agus ba nóisean é a bhí coitianta sa Náisiúnachas cultúrtha a bhí forleathan ar fud na hEorpa.[23] Is féidir an tuairim seo a fheiceáil go láidir san fhealsúnacht a bhí ag Séamus Ó Duilearga, stiúrthóir Choimisiún Béaloideasa Éireann (1935-1971) agus a nocht sé chomh diongbháilte sin ina léacht cháiliúil, "The Gaelic Storyteller".[24] Sa léacht iomráiteach sin, leagadh béim ar thuairimí a bhí i gcroílár dhearcadh an Rómánsachais Chultúrtha mar a chonacthas do lucht léinn agus béaloidis na Gaeilge é, agus go deimhin do lucht athbheochana na teanga chomh maith. Dá réir sin, i gcomhthéacs na fealsúnachta sin, tá tábhacht faoi leith leis na hamhráin a bhaineann le Cearbhall i stór Sheosaimh Uí Éanaí, ar an ábhar gur fianaise chinnte iad ar an leanúnachas cultúrtha sin ón seachtú haois déag, a bhí ina chloch coirnéil ag náisiúntóirí san am. I gcomhthéacs an díchoilínithe mar sin, is siombailí thar a bheith cumhachtach iad, ar an ábhar go bhféadfadh Ó hÉanaí seasamh mar oidhre dhlisteanach ar an leanúnachas sin ó tharla ina stór amhrán iad.

Seachrán Chearbhaill (SC)

D'fhéadfadh sé gurbh é SC an t-amhrán is sine i stór amhrán Uí Éanaí. Léirigh Alan Harrison ceangal idir SC agus an scéal *Siabhradh na Míochomhairle*[25]. Luaitear Cearbhall Ó Dálaigh mar mhac na míchomhairle i roinnt mhaith de na leaganacha a tháinig anuas chugainn.[26] Téacs ó Chontae an Chabháin é sin a leagtar ar Bhrian Dubh Ó Raghallaigh agus baineann sé le deireadh an tseachtú haois déag agus bhí sé coitianta i gCúige Uladh agus i gConnachta. Cé gur leis an ochtú haois déag a bhaineann SC mar théacs, téann a fhréamhacha siar i bhfad roimhe sin. Mhaígh Máirtín Ó Cadhain faoin phíosa go raibh '*troubadour fancy*' i gceist leis agus go deimhin go raibh iarracht de na

[23] Philip Bohlman. *The Study of Folk Music in the Modern World.* (Bloomington: Indiana, 1988, 11,48).
[24] James H. Delargy, "The Gaelic Storyteller, with some notes on Gaelic Folktales," The John Rhys Memorial Lecture. *Proceedings of the British Academy*, 31. (London: Geoffrey Cumberlege, 1945).
[25] Séamus Ó Ceithearnaigh. *Siabhradh Mhic na Miochomhairle.* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1955).
[26] Alan Harrison, 1989, 85.

‘h*ancient epics*’ ag baint leis.[27] Ó tharla gurbh fhear é Ó Cadhain a raibh tuiscint thar na bearta aige ar an litríocht agus ar an dúchas agus go raibh údarás ar leith aige mar thráchtaire, agus ó tharla gurbh fhear é fosta ar réidhe an cáineadh ná an moladh óna bhéal, is ráiteas tábhachtach é seo, a léiríonn an stádas agus an gradam siombaileach a bhí ag Ó hÉanaí, de bharr píosa ar nós SC a bheith aige mar phíosa beo. Luigh an moladh seo ar Ó hÉanaí isteach le dearcadh polaitiúil Uí Chadhain, go raibh an Ghaeltacht bheo á ligean i ndearmad ag lucht na cumhachta agus gur mhór an náire dóibh é. Sna hoícheanta cáíliúla seanchais a bhí i Halla an Damer idir 1956 agus 1961, a d’fhorbair go pointe amach as comórtais ardáin an Oireachtais, cuireadh an Ghaeltacht bheo sin ar an ardán ina steillbheatha i gcroílár na hArdchathrach.

Níor le Máirtín Ó Cadhain a b’fhaillí é.[28] Sa chur síos a rinne sé ar na hoícheanta seo ina chuid alt, mhol sé na seanchaithe agus na ceoltóirí as a gcuid Gaeilge agus as a gcuid saibhris chultúrtha agus cháin sé go géar an rialtas a lig dóibh féin agus dá leithéidí eile dul ar imirce nuair ba cheart dóibh a gcoinneáil sa bhaile agus obair a chur ar fáil dóibh. Bhí moladh speisialta aige d’Ó hÉanaí de bharr leithéidí Seachrán Chearbhaill agus píosaí eile ar nós ‘Caoineadh na dTrí Muire a bheith aige thar barr. Níorbh ionann dearcadh Uí Chadhain agus go leor de lucht léann an bhéaloidis.[29] Níor ghlac sé riamh leis nach raibh i gceist leis an bhéaloideas ach ábhar staidéir do scoláirí. Cheap sé gur cheart an cultúr seo a cheiliúradh ina steilleabheatha agus slí bheatha a chur ar fáil don dream a raibh sé acu sa bhaile in Éirinn, sa chruth agus go mairfeadh an Ghaeltacht bheo, a bhí d’uireasa tacaíochta á bánú ag an imirce.[30]

Maidir le SC, is píosa crosántachta é, meascán d’fhilíocht aiceanta agus de phrós a reictear os ard, agus a bhfuil a fréamhacha le fáil i bhfad siar i gcleachtais oirfideach na meánaoise.[31] Dá réir sin, bhí an leanúnachas cultúrtha siombalach le feiceáil ina steillbheatha agus Ó hÉanaí ag gabháil na crosántachta, agus thug sé údarás dá réir dó

---

[27] Liam Mac Con Iomaire, *Seosamh Ó hÉanaí: Nár Fhagha Mé Bás Choíche* (Indreabhán, Cló Iar-Chonnachta 2007), 159.
[28] Féach *Seolta Séidte/Setting Sail*. Nioclás Ó Cearbhálláin Réamhrá ‘Ceolta Éireann 1-20, Ceirníní 78 Gael Linn 1957-1961 (CEFCD184, Baile Átha Cliath, Gael Linn 2004, 6-31).
[29] Diarmaid Ó Giolláin, *Locating Irish Folklore*, 149-53.
[30] Mac Con Iomaire 2007, 157. Foilsíodh na hailt seo ar *The Irish Times* 17 Bealtaine 1957 agus ar *The Irish Press*, 21 Bealtaine 1957.
[31] Virginia S. Blankenhorn, *Irish Song Craft and Metrical Practice since 1600.* (Lampeter: Edwin Mellen) 171 agus 416 n.1.

mar oidhre cruthanta ar an dúchas sin. Maraon leis sin, ainneoin gur bailíodh go leor leaganacha de ón traidisiún béil, ba mhír é nach raibh ar eolas ina ghlúin féin mórán taobh amuigh dá cheantar féin i gConamara, mar phíosa beo reacaireachta ar a laghad.[32] Chuir an toise seo leis an luach a cuireadh air mar sheoid annamh a tháinig slán go míorúilteach ón tonnbhriseadh, agus a mhéadaigh idir bharántúlacht an phíosa féin agus bharántúlacht an reacaire araon. Dá réir sin, bhí tóir agus meas faoi leith air i measc cuid d'ailtirí cultúrtha na Gaeilge agus an bhéaloidis i ndaichidí agus i gcaogaidí na haoise seo caite mar is léir ón bhreithiúnas a thug an Cadhnach air mar shampla. Go deimhin, i mí Aibreáin 2010, tugadh breithiúnas den chineál chéanna ar an phíosa seo. Craoladh leagan a dúirt Seosamh ar an chlár teilifíse *Last House* sa bhliain 1976, nuair a bhí sé in Éirinn ar cuairt. Agus é á chur i láthair, dúirt Nioclás Ó Cearbhalláin, láithreoir an chláir, faoi, "tá macalla na meánaoiseanna in Éirinn le cloisteáil againn."[33]

Tá siombalachas thar a bheith cumhachtach ag baint leis an leanúnachas seo a fheictear idir cultúr uasal na nGael anuas go dtí an seachtú haois déag agus na feirmeoirí agus na hiascairí bochta a chaomhnaigh é anuas go dtí aimsir na nua-aoise. Is seánra faoi leith é an chrosántacht, a théann siar go ré na Sean-Ghaeilge agus a ndearnadh é athmhúnlú i ré na Gaeilge Clasaicí.[34] Ní hionann ar fad na crosántachtaí atá tagtha anuas sa traidisiún béil agus cinn na Gaeilge Clasaicí de bharr dhul i léig an dáin dírigh agus fás na meadrachtaí aiceanta.[35] Dóibh siúd a bhí sa tóir ar fhoinn áille Gaelacha sa naoú haois déag, b'fhéidir gur bheag a thábhacht, ach do lucht béaloidis agus náisiúnachais san fhichiú haois, ba rud é a bhí iontach mar go raibh sé annamh chomh maith.

Is ón fhocal crosán a thagann an téarma crosántacht, agus is focal é a bhfuil cur agus cúiteamh go leor ag baint lena shanasaíocht nach mbaineann go díreach le hábhar anseo.[36] Baill de dhámh an fhile a bhí sna crosáin sna meán-aoiseanna, lucht grinn agus aoire a bhí iontu. Ó tharla sampla den chrosántacht i stór Uí Éanaí, bhí buntáiste an-mhór

---

[32] Bhí leagan de ag Amhlaoibh Ó Loingsigh (1872-1947), an seanchaí cáíliúil as Múscraí. Féach Séamas Ó Duilearga, 'Scéalaíocht Amhlaoibh Í Luínse,' *Béaloideas XXV*, 303-19. Ach ba shine i bhfad Amhlaoibh ná Seosamh.

[33] *Siar an Bóthar* 04. 14.10 TG4. http://live.tg4.ie/main.aspx?level=SiarBothar&content=72115927041. Rochtain: 04. 16.10.

[34] I dtréimhse na Gaeilge Clasaicí meadaracht shiollach a bhí luaite léi, mar atá, an Snéadhbhairdne. Féach Blankenhorn 186-200.

[35] Harrison, 1979, 15-29

[36] Tá mionchuntas in Harrison 1979, 49-71 ar an cheist seo.

aige maidir le cúrsaí barántúlachta de. Bhí meáchan ar leith ag an chrostántacht de bharr go raibh sé annamh, go raibh sé sean, go bhféadfaí ceangal a dhéanamh idir é agus file den uas-aicme Ghaelach ón seachtú haois déag agus roimhe sin. D'fhéadfaí na gnéithe sin go léir a léamh de réir smaointeoireacht an ama, mar shiombail a sheas don líne dhíreach neamhbhearnaithe chultúrtha a lean anuas gan bhriseadh ón Mheánaois go dtí tréimhse na Nua-Aoise. Léirigh sé, mar bharr air sin, an teacht aniar a bhí sa náisiún Gaelach. Nuair a fuarthas é i nduine chomh hóg i ndaichidí na haoise seo caite agus an Ghaeilge faoi bhrú ar gach taobh ag imirce agus ag an Bhéarla, ní haon áibhéil é á rá go bhfacthas gur cineál míorúilte a bhí ann.

Maidir lena úsáid mar ábhar múinteoireachta sna Stáit Aontaithe, bhain deacrachtaí faoi leith leis, mar sin féin. D'fhéadfadh Ó hÉanaí, mar shampla, píosa eile a raibh teist bharántúil air mar oidhreacht de chuid na meánaoise, 'Caoineadh na dTrí Muire,' a mhúineadh go réidh i Meiriceá, ar an ábhar go raibh an fonn measartha éasca agus go raibh athrá go leor ann. Bheadh a leithéid fóirsteanach do dhaoine nach raibh mórán Gaeilge acu. Ach scéal eile a bheadh in 'SC' de bharr na gcastachtaí a bhain leis an téacs féin. Go simplí, bheadh an 'Seachrán' i bhfad ródheacair mar phíosa reacaireachta ag aon duine ach ag an té a mbeadh tuiscint mhaith aige ar an Ghaeilge sular thosaigh sé. Ó tharla go raibh formhór na mac léinn a bhíodh ag Ó hÉanaí in Seattle, go háirithe, ar bheagán Gaeilge san am, is annamh a chanadh Ó hÉanaí an píosa agus is annaimhe arís a mhúineadh sé é dá chuid mac léinn. Thaifead sé é do Lucy Simpson, dlúthchara leis a mbíodh sé ar cuairt ina teach go rialta nuair a bhí sé lonnaithe i Nua-Eabhrac.[37] Chaithidís na cuairteanna sin ag cur síos ar amhráin agus ise á dtaifeadadh. Thaifead sé an rud uilig idir théacs is fhonn di ag pointe amháin agus thug sé míniú ar a raibh i gceist leis chomh maith.

Mar sin de, cé gur lean Ó hÉanaí air ag rá 'Caoineadh na dTrí Muire' sna Stáit, agus, go deimhin, á mhúineadh, tá an chuma ar an scéal nár múineadh SC go minic le linn na bhfiche éigin bliain a chaith sé thall, má múineadh ar chor ar bith é. Is léir gur straitéis chiallmhar mhúinteoireachta a bhí sa mhéid sin. Mar a dhéanfadh aon mhúinteoir tuisceanach, thomhais Ó hÉanaí cumas agus caighdeán a chuid daltaí agus shimpligh sé an t-ábhar a chuir sé rompu mar lón foghlama, d'ainneoin go mbídís go minic ina dhiaidh

[37]UW85-39.20. Lucy Simpson a thaifead, Bay Ridge, Brooklyn, Nua-Eabhrac 14 Aibreán 1981.

ag iarraidh ábhar ba dheacra agus ba dhúchasaí. Go deimhin, is minic a chuireadh sé pionós orthu trí ábhar Gaeilge a dhiúltú dóibh ina chuid ranganna, dá gceapfadh sé nach raibh siad díograiseach go leor i mbun foghlama. [38]

Is fiú spléachadh a thabhairt ar fhocail SC. De réir thuiscint Uí Éanaí, b'ionann an bhean a bhí i gceist sa téacs seo agus an bhean ar cumadh 'A Eileanóir, na Rún' di agus, i ndiaidh di éalú leis in aghaidh toil a muintire, d'éirigh leis dallamullóg a chuir ar an dream a cuireadh sa tóir orthu le SC. Seo an cur síos a thug sé i nGaeilge ag ceolchoirm in Éirinn ar an phíosa:

> Cearbhallán – Cearbhall Ó Dálaigh – rinne sé 'Eileanóir na Rún' agus ansin rinne sé...an ceann eile faoin seachrán, nuair a fuair na daoine aithne Chearbhalláin, chuir a hathair daoine ina dhiaidh, agus tháinigeadar chuig an teach seo agus bhí *time* sa teach, agus nuair a bhí a fhios ag Cearbhallán go rabhadar ag an doras, chuaigh sé isteach faoin mbord, agus lig sé air féin go raibh sé ag rámhailltí. Agus nuair d'imíodar amach aríst, d'éirigh sé suas agus dúirt sé ceathrú d'amhrán. Tháinigeadar ar ais agus chuaigh sé isteach faoin mbord aríst agus thosaigh sé ag rámhailltí. Seachrán Chearbhalláin:[39]

Sa mhíniú a thug sé do Lucy Simpson dúirt sé gur moladh a bhí san amhrán agus gur ar Eileanóir a bhí an moladh dírithe. Ach ó tharla gur cuireadh an tóir ina dhiaidh, chuir Cearbhall i gcéill go raibh sé as a mheabhair leis na píosaí próis a bhfuil an chuma orthu nach bhfuil ciall ná réasún leo – 'rambles' an t-aistriúchán a thug sé féin ar an fhocal 'seachrán.'[40] Baineann an dá phíosa mar sin le scéal grá Chearbhaill agus Eileanóir:

Canta:

Is lá breá a ndeachaigh mé ag breathnú ar an spéirbhean bhreá
Ó b'iúd í ainnirín na malaí is na ngealchrobh lámh
Bhí a grua mar na ballaí le go mbreactar ar an aol mar bhláth
Is a seang-mhalaí searca le go nglaoitear air an aoltsúil bhreá.
Ó bhí siúd aici deir Peadar más fíor le rá;

[38] Sin cuimhní Shean Williams ar a chuid ranganna.
[39] UW85-40.6 Gerald Shannon a thaifead os comhair lucht éisteachta beo in Éirinn: ní luaitear dáta.
[40] UW85-39.20. Lucy Simpson a thaifead, Bay Ridge, Brooklyn, Nua-Eabhrac. 14,Aibreán 1981.

Ó rósbhéilín tanaí le caiseal agus taoimbhéal tláth
Bhí pingin ins an maide aici ‘gus dhá leithphingin eile anuas ar an gclár
Is ní raibh fáil aici ar an gcluiche údan ó mhaidin nó go n-éiríodh lá.

Muise an gcluineann sibhse mise libh a chailíní na háite údan thiar,
Le a bhfuil mé i ngean oraibh le fad is mé faoi ghrásta Dé.

Tabhair scéala uaim chuici agus aithris di nach taobh léi atáim
Mar go bhfuil ansin bean eile údan le fada dho mo chloí le grá

Ó lán doirne díomhaine ins gach buine dá dlaoi-fholt bhreá
Ná a’ bhfuil ina gcodladh[41] mar is mithid díbh m’úrscéal fháil.

Aithriseoireacht:
Dar seo agus dar siúd, ‘sé an t-úrscéal a bhí ansiúd:
Triúr bodachaí i dtús earraigh a chuaigh ar thóir móna iad fhéin agus an dá mhada con a bhí acub.
Chuadar ag iarraidh cead coille ar an gCoirbíneach agus thug sé sin dóibh.
Chrochadar leo a bpéire tuannaí cúlramhra béaltanaí
Dhearmadar an tapa, thugadar an míthapa leo.
Bhriseadar na giarsaí ach lig siad na maidí rámha leis an sruth.

Canta:
Muise ar arraingeachaí agallta dhom nó pianta báis
Mar tá mé dho mo stancadh ag an arraing atá dul thrí mo lár
Ó b’fhearr liom seal fada bheith ag breathnú ar a mín chnis bhreá
Nó dá bréagadh go maidin cé go mb’aoirsiúil dom a leithéid a rá.

Aithriseoireacht:

[41] *In bhur gcodladh* an caighdeán ach is mar seo a litrítear é sna nótaí atá leis an dlúthdhiosca, rud atá dílis do chanúint Uí Éanaí.

Dar seo agus dar siúd, sé an t-úrscéal a bhí ansiúd:
Ná Cormac Mac Airt Mac Chuinn Mac Thréanmhóir Uí Bhaoiscne.
Chuaigh ag tois na léime binne brice bua a bhí ar an mBinn Éadair Mhic Céadta Mhic Amhlaí
San áit a dtáinig an chéad loing agus an chéad laoch go hÉirinn ariamh.

Canta:
Muise dheamhan sin gort socair nach bhogas chugat a' nóinín fraoigh
Is dheamhan sin loch ar bith gan abhainn a bheith ag dul uaithi síos.
Tá an rotha seo sna sodair agus níl aon chónaí faoi
Is ní minic a tháinig sonas gan an donas a bheith ina orlaí thríd.

Aithriseoireacht:
Dar seo agus dar siúd, sé an t-úrscéal a bhí ansiúd:
Rotha mór mo mháthar mór a chuaigh isteach sa teampall mór ag réabadh amach *desk*-annaí
Mara dtaga siad roimhe rotha mór mo mháthar mór
Déanfaidh sé an diabhal sa teampall mór.

Canta:
Is má théann tú thart siar ansin ag seanbheainín bhéasach
Bhfuil aici scata do pháistí bréagach
Cuimil do bhosa go sleamhain dá n-éadan
Is fainic an lochtófá tada dá dtréithre
San wagero eró, sí an chraoibhín gheal donn

Má théann tú thart siar in easc údan tomáin
Fainic thú féin ar easc údan Shiobháin
Báitheadh dhá chaora inti, minseach is mionnán
Capall Uí Dhomhnaill, a chú 'gus a ghearrán

San wagero eró ‘sí an chraoibhín gheal donn.[42]

Eileanóir na Rún (ER)

In insint Sheosaimh Uí Éanaí féin, is leis an amhrán ‘ER’ a mheall Cearbhall iníon an Chaomhánaigh ar dtús, agus nuair a tháinig an tóir ina dhiaidh rinne sé an ‘Seachrán’ le dallamullóg a chur orthu. Ba mholadh i ndáiríre a bhí sna véarsaí ceoil agus ba ‘rámhailltí’ a bhí sna píosaí próis le tabhairt ar dhaoine a chreidiúint nach raibh Cearbhall i gceart ina mheabhair. Bhain an dá phíosa leis an scéal chéanna mar sin. Ach níorbh ionann scéal maith i gcónaí agus ábhar a bheith fóirsteanach lena mhúineadh do scoláirí. Mar sin féin, d’ainneoin go raibh na castachtaí a bhain le SC ina ndúshlán rómhór ag na scoláirí óga Meiriceánacha a chastaí ar Ó hÉanaí, ní taobh leis an aon phíosa amháin a bhí sé maidir le saothar Chearbhaill Uí Dhálaigh. Bhí an dara píosa aige, amhrán grá, a bhí luaite leis an Dálach fosta. Amhrán é seo a bhfuarthas leaganacha breátha de ó cheann ceann na hÉireann. Go deimhin, cumadh níos mó ná leagan amháin den amhrán seo, an gnáthcheann coitianta a bhfuil eolas leitheadach air, a chum file tuaithe éigin agus leagan Muimhneach a ndeirtear faoi gur leagan níos liteartha é, agus a bhí bunaithe ar an amhrán tuaithe.[43] D’fhágfadh sin gur fhás sé aníos mar chuid de thraidisiún bisiúil cumadóireachta a bhí gníomhach timpeall ar charachtar Chearbhaill Uí Dhálaigh agus a chuid eachtraí. D’ainneoin go ndeirtear faoin amhrán seo go bhfuil sé thar a bheith ársa, tá na húdair in amhras go raibh baint ar bith ag Cearbhall lena chumadh ar chor ar bith. Chomh maith leis sin, bítear ag maíomh go bhfuil sé ar cheann de na píosaí ceoil is sine dá bhfuil againn, ach cuirtear an fonn céanna fosta leis an amhrán Albanach Robin Adair agus gan na húdair ar aon fhocal faoina bhunús mar fhonn.[44] Ón bhliain 1702 a mhaireann an chéad leagan clóite agus luaitear an cóiriú sin le Cornelius Lyons, fear a chum leaganacha malairteacha bunaithe air. De bharr na fianaise

[42] An téacs seo bunaithe ar an gceann a cuireadh leis an gceirnín Seosamh Ó hÉanaí Sraith 2 Gael Linn (CEF 051) (Baile Átha Cliath 1976) Atheisíodh in éineacht le *Ó Mo Dhúchas* Gael Linn CEF028, 1971) mar *Seosamh Ó hÉanaí: Ó Mo Dhúchas: From My Tradition, Sraith 1 & Sraith 2,* CEFCD191, Baile Átha Cliath 2007, CD2, Traic 7.

[43] Doan 1985, 72

[44] Alan Bruford, ‘The Sea-Divided Gaels: Some Relationships between Scottish Gaelic, Irish and English Traditional Songs, (*Éigse Cheol Tíre 1,* 1971, 4-27.

sin, meastar gurbh fhéidir go raibh tóir ar an fhonn san am siocair gur píosa úr ceoil a bhí ann.[45]

D'ainneoin na fianaise stairiúla go léir ina choinne, níor laghdaigh sin beag ná mór ar thábhacht siombaileach ER mar phíosa breá Gaelach, ar mheas daoine faoi go raibh sé ar na píosaí a b'fhearr a léirigh feabhas agus nádúr an cheoil Ghaelaigh. Mar bharr air sin, agus a raibh de leaganacha breátha de ar fáil, bhí an leagan a bhí ag Ó hÉanaí ó dhúchas, leagan a mhuintire féin as an Aird, chomh maith leis an chuid is fearr acu, go háirithe maidir leis an cheol. Dála go leor eile de na foinn a bhí ag Ó hÉanaí, tá an modh féin, struchtúr eadarbhuasach an cheoil agus an acmhainn ornáidíochta agus maisiúcháin atá ann thar a bheith mealltach. Seo iad na tréithe céanna ar thug éisteoirí a chuir suim sa cheol Ghaelach spéis dóibh chomh fada siar leis an ochtú haois déag. Thóg Bunting an fonn seo (faoin teideal Eibhlín a Rún) ó chláirseoireacht Dhonnchaidh Uí Amsaigh agus mhaígh sé go ndeachaigh sé siar go dtí tús an tseachtú haois déag. [46] Bhí Ó hAmsaigh ar an duine ba sine den aos seanma ag Féile Cruitirí Bhéal Feirste agus ba é an t-aon duine acu é a bhain úsáid as a chuid ingne agus é ag seinm. Cé go ndeir Luke Donnellan gur ar leagan Cornelius Lyons a cuireadh i gcló i 1702 a bhí leagan Uí Amsaigh bunaithe,[47] amharcadh ar an seanchláirseoir sin mar fhoinse gan cháim don fhíor-sheancheol Gaelach, fear a fuair oiliúint i gceol na n-uaisle, rud nach bhfuair mórán den dream eile a bhí i mBéal Feirste, mar go raibh siad glúin iomlán níos óige ná Donnchadh. Nuair a fheictear an nasc a bhí ag Ó hAmsaigh leis an fhonn seo agus an meas a bhí air mar fhonn, is léir gurbh é rogha na gaoise ag Ó hÉanaí é an t-amhrán seo a bheith ar thús cadhnaíochta aige i measc a chuid príomhphíosaí. De bharr an mheasa a bhí ar an amhrán agus na sinsearachta a bhí aige sa dúchas, gan trácht ar an nasc le ceol uasal na seanchláirseoirí, dhearbhaigh sé agus bhuanaigh sé íomhá Uí Éanaí arís eile mar ionadaí barántúil inchreidte ar an cheol dúchasach. Níorbh amhrán é a bhí coitianta i measc na gConnachtach agus ní fhéadfaí a chur ina leith nach raibh ceol casta leis, rud a deirtí uaireanta faoi fhoinn na gConnachtach go minic, i gcomparáid le ceol na

[45] Doan 1985, 70
[46] Edward Bunting. *The Ancient Music of Ireland.* (Dublin: Walton 2002 [1840]), 94.
[47] Luke Donnellan. 'Eibhlín a Rúin,' *Journal of the Louth Archaelogical Society* 2:4, (Nov. 1911), 417-425 (417).

Mumhan.[48] Luadh 'Caoineadh na dTrí Muire' cheana mar phíosa a mbaineadh Ó hÉanaí an-leas as ina chuid múinteoireachta, as siocair an athrá agus na simplíochta a bhí ann. Cé go raibh ER níos casta ná an 'Caoineadh' maidir leis na véarsaí ceithre líne, bhí curfá ann. Chuidigh an t-athrá sin leis agus é ag múineadh, de bhrí go bhféadfadh na mic léinn filleadh ar phíosa a bhí ar eolas acu tar éis dóibh ceann de na véarsaí a fhoghlaim. D'fhág sin gurbh fhusa ER a mhúineadh ná cuid eile dá chuid amhrán Gaeilge.

Dála go leor amhrán eile, níl scéal díreach le tabhairt faoi deara ann ó thús go deireadh. Is liric é, *cantefable* a bhraitheann ar an údar nó ar an scéal atá san amhrán ionas go dtuigfear a bhrí iomlán. Seo an scéal mar a d'inis Ó hÉanaí i mBéarla é:

> Now the song is called 'Eileanóir a Rún.' The way that Cearbhall Ó Dálaigh...composed this, and put music to it himself. And the story attributed to Carolan – I hope you don't mind listening to this story. This is one of the finest stories ever behind a Gaelic song. When Carolan was a young man, his job was to do odd jobs for anybody who'd give him work, and he was travelling around the country doing such things until he was about twenty years of age. And one day, he came to this farmer's house and the farmer told him he'd give him a job to watch four cows. And the rest of the cattle was watched by somebody else. 'And keep your eye,' he said, 'on the white cow, because there's a legend about the white cow, that she'll give birth to a calf and who will ever taste the milk of the mother first will have the gift of all knowledge, master of all trades, and any woman who will ever look at him will fall twice in love with him at the one time.
>
> So anyway, Carolan took the cattle out grazing, and nothing happened for a couple of months; and this day, he was grazing the cattle

[48] Féach an chomparáid a rinne Séamus Mac Aonghusa idir ceol mhuintir Éanaí agus ceol na Mumhan, foinse an cheoil údarásaigh is cosúil: 'Is ag Seán Choilm Mac [Mac Donnchadha] agus ag muintir Uí Éanaí atá an ceol is fearr agus is údarásaí de chuid Chonamara a tháinig i mo threo go fóill, gan Fínis a áireamh. ...is acu a fuaireas na ceolta ba chasta a fuaireas ar chósta Chonamara – is mó atá siad cosúil le ceol maith na Mumhan mar atá ag Cáit Ní Mhuimhneacháin agus ag Labhrás Ó Cadhla.' Ríonach Uí Ógáin, *Is Mise an Fear Ceoil*,(Indreabhán: 2007, 72). Cé gur mhol Seán Ó Riada neart thraidisiún an tsean-nóis i gConamara, fós féin dúirt sé go raibh sé á thruailliú (*inclined to decadence*), go raibh an ornáidíocht níos teoranta agus na foinn níos dlúite le chéile (*compressed*) ná mar a bhí ornáidíocht na Mumhan. Seán Ó Riada, *Our Musical Heritage*, Mountrath: Dolmen Press, 30-33.

beside a huge big rock – like that wall there. And the rock opened up; and out of the rock walked the most beautiful, the most ferocious bull that a man ever laid eyes on. And the bull didn't look right or left – he walked up to the white cow. Now, whatever they said to one another, the bull and the white cow took off to one corner of the field, and they stayed there all day until the sun was setting. And, you know the myth about something out of the Otherworld, like the banshee – they have to go back before the sun sets, and stay there 'til twelve o' clock at night. Well, anyway, they came back, and the rock opened; the bull gave the cow a little kick with his hind leg, and back he goes into the rock again.

Then Carolan came home and he told the master what happened; and he said 'Keep an eye on the white cow until she has a calf; and whatever you do, don't let the calf suck its mother, because whoever tastes the first of that milk is okay for the rest of his life.'

So the day the cow gave birth to the calf, Carolan forgot what the master told him. And he saw the calf about to suck his mother, and went over and he took the milk off the mouth of the calf, and he rubbed his fingers across his mouth, like that. And then he was told: 'Carolan, you tasted the milk of the white cow and the black bull first. Now you're a gifted man. The first thing you do, don't go home to the farmer and tell him this, because he'll kill you.'

So he sets off, and he was travelling for three or four months, until one night he came to this shoemaker's house. And the shoemaker was making a pair of shoes. And Carolan came in, and he bid him 'Good evening,' and he told him to sit down, he'd get him something to eat; but at the moment hewas busy trying to finish a pair of shoes for the lady in the big house. The lady in the big house was Eleanor Kavanagh – that was her surname. 'And I must finish the shoes tonight,' he says, 'because she's going to a dance.' So Carolan says, 'Could I,' he says, 'do one of the shoes for you?' And he said, 'No, these...have to be perfect. I have to make them myself.'

> But the poor shoemaker was tired and he fell asleep; and Carolan took over, and he finished the pair of shoes that was yet untouched. And when the shoemaker woke up, he saw the shoe, and he said, 'Well,' he said, 'I hope the shoe that you made, he said, 'fits her like the one I made.' And he said, 'Will you bring them up now,' he says to Carolan, 'bring them up to Eleanor, because she's waiting.'
>
> So when Carolan went up to the door, he saw Eleanor, standing inside the door. And he said in the song – the first thing he said in the song was 'Mo ghrá den chéad fhéachaint thú, Eileanóir a Rún,' – 'My love to you at first sight.' He brought the shoes in; she tried them on; one shoe fitted her and the other didn't. And she said, 'Whoever made this shoe, I'll follow him for the rest of my life'. And that's when she eloped with Carolan.[49]

Scéal breá cumasach a bhí anseo a raibh idir ghreann agus dhrámátúlacht agus féith bheag den nádúr ann chomh maith. D'fhéadfá a rá go bhfreagraíonn sé go maith do chuid de na tréithe a bhain le cúram na gcrosán, an chleasaíocht agus an rógaireacht agus imir den ghnéasúlacht tríd. Mar aon leis sin, tá dhá mhóitif ann a bhaineann go dlúth le traidisiún liteartha agus miotaseolaíochta na hÉireann, cumhacht osnádúrtha a fháil ag an bhfile mar gurbh é a fuair an chéad bhlaiseadh de bhainne na bó – móitif ó scéal idirnáisiúnta dar teideal 'The White Serpent's Flesh' (ATU673), a chuireann a mhacasamhail d'eachtra a tharla d'Fhionn Mac Cumhaill leis an Bhradán Feasa i gcuimhne dúinn.[50] Anuas air sin, luaitear an dia agus an t-ioldánach Lugh le ba chomh maith, go speisialta a bhó dhraíochta sin, An Ghlas Ghaibhneach nó An Ghlas Ghaibhleann.[51] Mar sin de, is scéal é scéal Uí Éanaí atá fréamhaithe go domhain i dtraidisiún ársa na Gaeilge; agus is carachtar é carachtar Chearbhaill atá fite fuaite le nádúr laochra móra le rá eile ón scéalaíocht.

Bhí an-mheas ag Ó hÉanaí ar an scéal seo agus is léir go mbaineadh sé an-taitneamh as an scéal a insint agus go dtaitníodh sé leis an lucht éisteachta chomh maith

[49] UW78-15.12. Taifeadadh an scéal nuair a bhí Ó hÉanaí ar cuairt in Ollscoil Washington Seattle, Márta 1978.
[50] Doan 'Archetypal Poet,' 105.
[51] Doan, 'Trickster', 54-67.

céanna, ar mhéad is a fuair sé bualadh bos i ndiaidh á ghabháil do lucht éisteachta thar a bheith tuisceanach in Éirinn a raibh Gaeilgeoirí ina measc mar a bhí sa taifead atá againn ó Gerald Shannon. Ach mura raibh ga eile ina bholg saighead aige níor lá fós é, rud a léiríonn dar linn, an íogaireacht a bhain le cumas Uí Éanaí mar reacaire. Dar ndóigh, ceann de na clocha ba troime ar a phaidrín a bhí i stíl an tsean-nóis.

Mo ghrá thú den chéad fhéachaint, Eileanóir a Rún,
Is ort a bhím ag smaoineamh, tráth a mbim i mo shuan
A ghrá den tsaol is a chéadsearc
Is tú is deise ná ban Éireann
A bhruinnillín deas óg, is tú is deise milse póg
Ach chúns mhairfead beo, beidh gean a'am ort
Mar is deas mar a sheolfainn na gamhna leat
Eileanóir na Rún
Bhí bua aici go meallfadh sí an éanlaith ón gcrann
Bhí bua eile aici go meallfadh sí an corp fuar ón mbás
Bhí bua eile aici nach ndéarfad,
Is í grá mo chroí is mo chéadsearc
A bhruinnillín deas óg etc.

An dtiocfaidh tú nó an bhfanfaidh tú, Eileanóir na Rún?
Nó an aithneofá an té nach gcáinfeadh thú, a chuid den tsaol is a stór?
Tiocfaidh mé is ní fhanfaidh mé,
Is maith a d'aithneoinn an té nach gcáinfeadh mé
A bhruinnillín deas óg etc.

Eileen Aroon (EA)

Chuireadh mic léinn Mheiriceánacha agus daoine nárbh iad spéis as cuimse sna maisiúcháin cheoil atá chomh tábhachtach sin sa stíl amhránaíochta a bhfuil clú tuillte aige do cheantar Chonamara a mhaireann go dtí an lá inniu. Go minic de bharr a n-easpa tuisceana ar an Ghaeilge, bhíodh lucht éisteachta Mheiriceá dall ar bhrí na bhfocal agus iad ag díriú isteach ar an cheol amháin. Rud mínádúrtha de réir dúchais a bhí anseo, san

áit a ndéarfaí riamh, ‘Abair amhrán,’ agus ina gcuirfí béim ar insint an scéil agus ar shoiléire na bhfocal. Cleas a bhí ag Ó hÉanaí le teacht timpeall ar an dúshlán seo, leagan Béarla den amhrán ER a tharraingt air féin. B’as Luimneach an t-aistritheoir a rinne an tiontú seo, Gerald Griffin, agus is aistriúchán é atá lán de mhaoithneachas an naoú haois déag. Mar a fheicfear ón téacs, tá téama an ghrá idir Cearbhall agus Eibhlín ann cinnte agus déantar, dar liom, láimhseáil íogair thuisceanach ar an téama nach bhfuil as alt le mothúcháin an amhráin Ghaeilge:

I know a valley fair, Eileen Aroon
I knew a cottage there, Eileen Aroon
Far in that valley’s shade, I knew a gentle maid
Flower of a hazel glade, Eileen Aroon.

Who is the song so sweet? Eileen Aroon
Who in the dance so fleet? Eileen Aroon
Dear were her charms to me, dearer her laughter free
Dearest her constancy, Eileen Aroon.

Who like the rising day? Eileen Aroon
Love sends its early ray? Eileen Aroon
What make his dawning glow changeless through joy or woe?
Only the constant know, Eileen Aroon.

Is it the laughing eye? Eileen Aroon
Is it the timid sigh?
Is it the tender tone, soft as the stringed harp’s moan?
Oh! It is truth alone, Eileen Aroon.

Youth must in time decay Eileen Aroon
Beauty must fade away, Eileen Aroon
Castles are sacked in war, chieftains are scattered far
Truth is a fixed star, Eileen Aroon.

Ina dhiaidh sin tá athruithe suntasacha le feiceáil ann. Is díol suntais é go bhfuil Eibhlín anois ina cónaí i g*cottage,* seachas an teach mór a raibh sí ann sa suíomh Gaelach. Ina dhiaidh sin, níl dearmad ar fad déanta den teach mhór chéanna. Tá an caitheamh i ndiaidh an tseansaoil uasail Ghaelaigh, ré órga na bhfilí agus na gcláirseoirí, saol an laochais agus na gcaisleán le léamh go rábach ar an véarsa sin, dá ghonta iad. Ba é sin tuiscint an Bhéarla sa naoú haois déag, go raibh an seansaol Gaelach imithe go deo, cé go raibh mothú na hathghiniúna le brath sa mhaoithneachas sin chomh maith, mothú a chuirfeadh borradh faoin ghluaiseacht trínar tháinig Seosamh Ó hÉanaí chun tosaigh níos déanaí. Dar ndóigh ní bheadh an soiscéal áirithe sin ag teacht le dearcadh Uí Éanaí, ach ó tharla i measc na gcoimhthíoch é, b'éigean dó na hacmhainní go léir a bhí ar fáil dó a tharraingt chuige ina chuid iarrachtaí an traidisiún Gaelach a chur i dtuiscint dá chuid éisteoirí.

B'amhrán é nach raibh ag Ó hÉanaí as a óige ach mar sin féin, bhí an leagan seo á rá ag amhránaithe comhaimseartha a bhí ar aon ardán leis, ar nós Jean Redpath na hAlban agus na gClancy Brothers chomh maith. Amhrán a bhí ann a raibh tóir air. Tá leagan ag Bob Dylan féin de. Dá réir sin, ní fhéadfadh Ó hÉanaí neamhshuim a dhéanamh de. Ó tharla an t-amhrán ag oirfidigh a mbíodh an lucht éisteachta céanna ag tarraingt orthu, agus go raibh seisean in iomaíocht leo, ba é a leas aird a thabhairt air. Mar sin féin, is léir gur mhó go mór an meas a bhí ag Ó hÉanaí ar an leagan Gaeilge. De réir a dhearcaidh chultúrtha, an dearcadh a bhí ag Conradh na Gaeilge agus ag mórán intleachtóirí, ba ag an Ghaeilge a bhí ceart agus údarás maidir le forlámhas cultúrtha na hÉireann. Ní raibh sna haistriúcháin ach scáilí den rud fhíor, den dúchas cheart. Ina dhiaidh sin, bhí eolas ag pobal mór daoine ar na scáilí seo agus chonacthas do Ó hÉanaí go bhféadfaí leas a bhaint as an eolas seo mar dhroichead i dtreo an ruda a raibh a spéis féin ann, an cultúr ceart Gaelach a fuair sé le hoidhreacht óna mhuintir sa Ghaeltacht. Seo cuid den chur síos a thug sé do Lucy Simpson ar na cúiseanna a bhí aige leis an amhrán a fhoghlaim: [52]

> ...I couldn't put this air [ER] to them words [EA] you know. I had to change the air of it. Oh, I got the Gaelic one [ER] at home on my own doorstep. The other one I got in a book, the English one [EA]. I didn't have the English one. I never knew there was a translation of Eileanóir na Rún. For

[52] UW85-39.7 Lucy Simpson a thaifead.

> the sake of being able to sing it...I just got it, so I could sing it, you know, but at the same time, I'd sing it in English but at the same time give the translation of the other one [ER] without singing it so that I could put it in a form that maybe would appeal to people. I'd sing the English one and translate it [ER] too. I just put the tune to it myself. I sort of sing half the tune I sing in Gaelic for that...It's nice to be able to sing it in English for people who don't have the Gaelic you know.

Dúirt sé chomh maith le linn an agallaimh seo go raibh sé leathchéad bliain faoin am ar fhoghlaim sé an leagan seo. Bhí iontas ar Lucy Simpson go ndúirt sé gur as leabhar a fuair sé an t-amhrán mar gurbh annamh a d'admhaíodh sé go raibh aon tionchar ag na leabhair ar a chuid amhrán. Ach d'fhreagair sé nach bhféadfai an *chaoi* a ndúirt sé an t-amhrán a fháil as leabhar. Cé acu fíor bréag é, luaigh sé chomh maith go raibh sé féin agus Lucy ag obair ar leabhar, agus go bhfeicfeadh an saol an leagan ceart mar a bhí sé aige féin nuair a d'fhoilseofaí é.

Nochtann Ó hÉanaí go leor pointí spéisiúla faoi féin san agallamh sin agus faoina dhearcadh ar an dúchas agus ar an amhránaíocht. Is léir go raibh creideamh diongbháilte, daingean aige sa Ghaeilge agus sa traidisiún mar a fuair sé féin é óna mhuintir i gCarna. Ní raibh aon cheist air nach raibh rud ar leith aige a raibh luach agus fiúntas thar na bearta ag baint leis. Ina dhiaidh sin, mar oirfide gairmiúil a bhí ag feidhmiú i saol an Bhéarla, chonaic sé go raibh leaganacha eile den dúchas ag daoine eile, leaganacha a bhí níos sothuigthe ag a lucht éisteachta. Mar dhuine a bhí praiticiúil i leith a cheirde mar amhránaí, thuig sé an luach a bhí leis na píosaí seo. Thuig sé go mbeadh ar a chumas leas a bhaint as píosaí mar EA le droichead a thógáil dóibh siúd a raibh an Ghaeilge agus an traidisiún sin ró-aduain acu, rófhada uathu le go bhféadfaidís léaró tuisceana a fháil air. Nuair a bhain sé leas as EA mar sin, mar mhír ina chleachtas ardáin, mír a raibh stíl amhránaíochta dhúchasach curtha aige leis, d'ainneoin gur i mBéarla a bhí na focail, ba mar chéim ar an áth é trasna ar an abhainn a rith idir tír an Bhéarla agus tír na Gaeilge. Dá éasca dá raibh ar a chumas an turas sin a dhéanamh dá chuid éisteoirí, b'amhlaidh a b'fhusa dó féin é a bheith ábalta dul i bhfeidhm orthu, agus ceachtanna tábhachtacha a mhúineadh dóibh faoi chultúr agus faoi shaíocht na Gaeilge.

Léiríonn cleachtas Uí Éanaí go raibh sé i gcónaí ag iarraidh an cur i láthair a dhéanadh sé ar a dhúchas a leasú agus a fheabhsú le dhul i bhfeidhm ar a chuid éisteoirí. Mar an gcéanna agus é ag cur i láthair an amhráin 'Róisín Dubh,' bhí roghanna éagsúla aige le piocadh astu. Bhí a leagan dúchais féin den amhrán aige ón mbaile i gCarna, an leagan a thaifead sé ar cheirnín Gael Linn i 1976.[53] Chomh maith leis sin, bhí an leagan a bhí á mhúineadh go forleathan i scoileanna na hÉireann, ó chnuasach an Athar Pádraig Breathnach.[54] Thugadh Ó hÉanaí 'an leagan Muimhneach' ar an leagan seo. Ba é leagan an Bhreathnaigh ar bhain Seán Ó Riada úsáid as sa scannán cáiliúil *Mise Éire* le George Morrison, agus ó tharla eolas ag daoine air sin, agus stádas faoi leith ag an scannán agus go háirithe ag ceol an Riadaigh, ní fhéadfaí neamhshuim a dhéanamh de. Mar sin de, deireadh Seosamh an leagan seo go minic mar go raibh eolas ag daoine air, go raibh fonn mór maorga eadarbhuasach aige mar a bhí ag 'Eileanóir na Rún,' agus mar dhroichead chomh maith, bhainfeadh sé leas as aistriúchán diamhrach James Clarence Mangan, 'Dark Rosaleen,' lena theachtaireachtaí faoi shaibhreas a dhúchais a chur abhaile go paiteanta ar a chuid éisteoirí.[55] Ba chliste agus ba seiftiúil mar a chuir Ó hÉanaí a chuid taispeántas le chéile. Bhain sé leas as a raibh d'acmhainní ar fáil dó le draíocht a imirt ar a chuid éisteoirí agus iad a thabhairt isteach go Tír Tairngire na nGael, tír ina raibh sé féin ina shaoi le hÉigse agus é ina ambasadóir cruthanta ar a son sa domhan abhus.

Níl aon cheist nach raibh tionchar láidir ag Athbheochan na Gaeilge ar Sheosamh Ó hÉanaí. Chonacthas go bhfuair sé duais i gcomórtas scéalaíochta agus é sna déaga. Fuair sé príomhdhuais an Oireachtais, an bonn óir sa sean-nós i 1942 agus d'fhreastail sé go rialta ar an fhéile ina dhiaidh sin nuair a d'fhéadfadh sé, fiú agus é ina chónaí i Sasana. Dúirt sé leis an chraoltóir Pádraig Ó Raghallaigh in agallamh gurbh é an tOireachtas a choinnigh beo é.[56] Chreid Ó hÉanaí go láidir mar sin i bhfealsúnacht an Chonartha gur dhual do mhuintir na Gaeltachta aitheantas ceart a fháil faoin stát neamhspleách. Faraor, ní raibh na hacmhainní ná an toil ann go minic leis an aisling sin a fhíorú agus is go doicheallach, mífhonnmhar a caitheadh le cultúr dúchais na hÉireann agus lena

---

[53] Seosamh Ó hÉanaí, *Ó Mo Dhúchas Sraith 1 agus 2*, 1976, DD2, Traic 2.
[54] Pádraig Breathnach *Ceól Ár Sinnsear* (Baile Átha Cliath: Brún agus Ó Nualláin, 1920), 28.
[55] Seosamh Ó hÉanaí (Joe Heaney) Roisin Dubh. http://www.youtube.com/watch?v=oGelrimeD7c (rochtain: 10 Aibreán 2010). Taifeadadh 1977 Pittsburgh. PA.
[56] Mac Con Iomaire, 2007, 159.

chaomhnóirí ag leibhéal an Stáit go minic.[57] B'fhéidir go raibh ómós do chainteoirí dúchais, agus bhí, de réir cuntais ó Bhlascaodach amháin de mhuintir Chearna a bhíodh ag obair i dtigh tábhairne Davy Byrne i mBaile Átha Cliath sna daicheadaí. Ach ní dhearnadh réaladh praiticiúil air sin ach sa bheag. D'ainneoin an iontais a dhéantaí de, ní dheachaigh an scéal móran ní b'fhaide ná sin. B'éigean don Bhlascaodach chéanna aghaidh a thabhairt ar Springfield Massachusetts sa deireadh, mar a raibh a mhuintir roimhe, lena shlí bheatha a bhaint amach agus rinne Ó hÉanaí an cinneadh céanna.[58]

Léiriú iad na hamhráin atá pléite againn anseo agus a ngaol le chéile ar an mhargáil a rinne Ó hÉanaí leis na prionsabail dhiongbháilte a bhí aige maidir leis an Ghaeilge agus lena cultúr agus le cultúr Mheiriceá, nach raibh ciall dá laghad ann go minic do na prionsabail sin. Má rinne Ó hÉanaí comhréiteach lena ghnáthóg nua sna Stáit, comhréiteach tuisceanach a bhí ann, nár chaith a raibh aige go dtí sin ar leataobh. Go deimhin ba phlean cliste é a ghníomhaigh sé le hoideachas a chur ar a chuid mac léinn agus orthu siúd a thagadh ag éisteacht leis sna ceolchoirmeacha, seift a lig dó féin fanacht dílis dá chreideamh féin i gcultúr na Gaeilge agus na hÉireann. Níor bheag an méid sin ag crosán na gcleas san Oileán Úr.

[57] Micheál Briody, *The Irish Folklore Commission: 1935-1970.* Helsinki: Finnish Literature Society, 2007.
[58] Cole Morton. *Hungry for Home: A Journey from the Edge of Ireland.* (London: Viking 2001, 218)